Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14112/23

LIMITE

ASILE 102
MIGR 332

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear caibidlíocht a thosú maidir leis na socruithe a leasú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na hÍoslainne, Ríocht na hIorua, Cónaidhm na hEilvéise, agus Prionsacht Lichtinstéin, faoi seach, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le módúlachtaí rannpháirtíocht na Stát sin san Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn, chun go bhféadfaidh siad a bheith rannpháirteach i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann |

1. An 7 Márta 2023, chuir an Coimisiún moladh faoi bhráid na Comhairle maidir leis an dréachtchinneadh thuasluaite ón gComhairle, bunaithe ar Airteagal 218(3) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (8717/23 *RESTREINT UE/EU RESTRICTED*). Tá Aguisín ag gabháil leis an dréachtchinneadh ón gComhairle ina bhfuil na treoracha caibidlíochta (8717/23 ADD 1 *RESTREINT UE/EU RESTRICTED*).

2. Scrúdaigh Comhairleoirí CGB (Tearmann) an dréachtchinneadh ón gComhairle agus an t-aguisín a ghabhann leis ag an gcruinniú a bhí acu an 22 Meitheamh 2023 (8717/23 + ADD 1 *RESTREINT UE / EU RESTRICTED*). Tar éis nós imeachta um rogha a bheith páirteach a bheith tugtha i gcrích ag Éirinn an 28 Iúil 2023, chomhroinn an Uachtaránacht téacs athbhreithnithe leis na toscaireachtaí an 6 Deireadh Fómhair 2023 (13789/23) agus níor chuir aon toscaireacht agóid ina choinne. Cuireadh leagan beagán athbhreithnithe ar fáil an 12 Deireadh Fómhair chun soiléiriú breise a thabhairt sna haithrisí nach bhfuil an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an chinnidh, i gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge (13789/23 REV 1).

3. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE agus tar éis don Chomhairle iad a ghlacadh, déanfar an Cinneadh agus na treoracha caibidlíochta a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

– a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle, arna athbhreithniú ag na saineolaithe dlí agus teanga, a leagtar amach in 14116/23 agus 14116/23 ADD 1 *RESTREINT UE/EU RESTRICTED*), agus

– a mholadh go nglacfadh an Chomhairle an dréachtchinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear caibidlíocht a thosú maidir leis na socruithe a leasú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na hÍoslainne, Ríocht na hIorua, Cónaidhm na hEilvéise, agus Prionsacht Lichtinstéin, faoi seach, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le módúlachtaí rannpháirtíocht na Stát sin san Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn, chun go bhféadfaidh siad a bheith rannpháirteach i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann, mar a leagtar amach in 14116/23, arna athbhreithniú ag na saineolaithe dlí agus teanga, agus in 14116/23 ADD 1 *RESTREINT UE / EU RESTRICTED*.

PUBLIC